Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12732/23**

**ECOFIN 851**
**UEM 248**
**FIN 904**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil a fhormheas<br>– Glacadh |

1. An 11 Iúil 2023, chuir an Iodáil iarraidh réasúnaithe chuig an gCoimisiún chun a mholadh go leasófaí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ón gComhairle an 13 Iúil 2021 (10160/21 + ADD 1 REV 2) i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, thíolaic an Iodáil plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

2. Mheas an Coimisiún go dtugann na cúiseanna atá curtha ar aghaidh ag an Iodáil údar cuí le leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus, an 31 Iúil 2023, chuir sé togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil a fhormheas, agus leagtar an togra amach in 12256/23.

3. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 5 Meán Fómhair 2023 agus ní dhearnadh aon agóid ina choinne.

4. Leagtar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, amach in 12259/23.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

   – a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh Chur Chun Feidhme thuasluaite ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, agus mar a leagtar amach in 12259/23 é;

   – a mholadh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a ghlacadh, mar a leagtar amach in 12259/23 é.